Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 13 Aibreán 2021**

**CM 2647/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0191(COD)**

**CODEC**
**EDUC**
**JEUN**
**SPORT**
**SOC**
**RELEX**
**RECH**
**CADREFIN**
**PROCED**

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | enea.desideri@consilium.europa.eu / codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | Tel. +32 2 281 7758 |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013<br>– An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle a ghlacadh<br>– Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tionscnaíodh le 2518/21 |

Cuireadh na toscaireachtaí ar an eolas gur tugadh an nós imeachta i scríbhinn, a osclaíodh le 2518/21 an 6 Aibreán 2021, i gcrích an 13 Aibreán 2021 agus gur vótáil na toscaireachtaí uile i bhfabhar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an dréacht-Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 mar a leagtar amach in 14148/21 é, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an doiciméad sin é, a ghlacadh.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an seasamh thuasluaite ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle.

Foilseofar san *Iris Oifigiúil*[1] an ráiteas ón gCoimisiún maidir leis na leithdháiltí sonracha le haghaidh ardáin na n-ionad barr feabhais gairme mar a leagtar amach in 7327/21 ADD 1 é.

Atáirgtear na ráitis ón Ungáir, ón bPolainn agus ón gCoimisiún san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo.

Déanfar na ráitis thuas a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

-------------

[1] *Sraith C.*

**IARSCRÍBHINN**

## Ráiteas ón Ungáir

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú córas náisiúnta dlí na hUngáire i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap 'inscne' sa téacs den Rialachán mar thagairt do ghnéas.

## Ráiteas ón bPolainn

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, sna leaganacha ina bhfuil an téarma 'inscne', déanfaidh an Pholainn iad a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le Airteagal 8 CFAE.

## Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na leithdháiltí sonracha le haghaidh ardáin na nIonad barr feabhais gairme

Gan dochar do chumhachtaí an údaráis reachtaigh agus bhuiséadaigh, geallann an Coimisiún go ndéanfar méid táscach EUR 400 milliún i bpraghsanna reatha a leithdháileadh chun tacú le hardáin na nIonad barr feabhais gairme le linn thréimhse iomlán an chláir, ar choinníoll go ndeimhneofar leis an meastóireacht eatramhach ar an gclár measúnú dearfach ar thorthaí na gníomhaíochta.

---